

**Bileog 13.1**

Féach ar an struchtúr seo:

An Fhrainc

An Francach

An Fhraincis

Cad is féidir leat a rá faoin 'is' ag deireadh an fhocail *Fraincis*? An féidir leat an patrún céanna a chur i bhfeidhm sna tíortha seo a leanas chun na teangacha a chumadh? Bí ag obair leis an duine in aice leat.

An Danmhairg  
An Eastóin  
An Fhionlainn  
An Fhrainc  
An Ghearmáin  
An Ghréig  
An Iodáil  
An Liotuáin  
Málta  
Poblacht na Seice  
An Pholainn  
An Phortaingéil  
An tSlóivéin  
An tSlóvaic  
An Spáinn  
An tSualainn  
An Ungáir



Pléigh: Cén inscne  
atá ag teangacha?

Cad iad na teangacha a  
labhraítear sna tíortha  
seo?

An Bheilg  
An Chipir  
Éire  
An Ísiltír  
An Laitvia Lucsamburg  
An Ostair  
An Ríocht Aontaithe

Féach ar an dá abairt thíos. Cad is brí leo? Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí bhur machnamh ar na bealaí éagsúla atá ann le cur síos a dhéanamh ar chumas teanga.

Níl Gearmáinis agam.  $(-)$   $\longrightarrow$   $(+)$  Tá Spáinnis líofa agam.

Éist le gach duine i dteaghlach Mhic Ghearailt ag déanamh cur síos ar na teangacha atá acu agus líon na bearnaí.

	Teangacha	Eolas eile
<b>Siobhán</b>		
<b>Peadar</b>		
<b>Seán</b>		
<b>Pól</b>		
<b>Ciara</b>		
<b>Clár</b>		

Cuir an cheist seo ar an duine in aice leat:  
Cad iad na teangacha atá agat?

**Bileog 13.2**


Chuala tú an abairt seo thíos ar an téip. Déan féin agus an duine in aice leat plé ar an ghramadach atá san abairt.

*Bhí Gearmáinis mhaith agam.*

Ag obair leis an duine in aice leat arís cuirigí na focail sa bhosca in abairtí lena mbrí a léiriú.

ag foghlaim	rud beag/beagán	tuigim
in ann/ábalta	blas	tuiscint

Anois féachaigí ar na haidiachtaí sa chiorcal - an dtuigeann sibh gach ceann acu? An féidir libh iad a cheangal le teangacha ar leith?



Cuirigí *an-* agus *ró-* roimh gach aidiacht sa chiorcal agus cuirigí in abairtí iad.

An duine tú féin atá go maith ag foghlaim teangacha? Pléigh.



Déan liosta de gach duine sa rang. Ansin siúil timpeall an ranga agus cuardaigh an oiread eolais agus is féidir faoi na teangacha atá ag gach duine. Féach ar na habairtí seo le cuidiú leat:

Tá mé ag foghlaim Gaeilge.

Tuigim an Fhraincis.

Tá Gearmáinis líofa agam.

Is dóigh liom go bhfuil an Iodáilis rómánsúil.

**Súil Siar**

Tagann an chaint indéreach tar éis nathanna cainte a chuireann tuairimí in iúl go minic. Scríobh an fhoirm cheart den bhriathar atá idir lúibíní sna bearnaí sna habairtí thíos.

Feictear dom nach (tá) \_\_\_\_\_ an Ghaeilge chomh deacair leis an Iodáilis.

Is é mo thuairim go (caithfidh) \_\_\_\_\_ tú dul go dtí an tír.

Ceapaim go (bí) \_\_\_\_\_ an rang Gaeilge ar siúl anocht.

Sílim go (cuirtear) \_\_\_\_\_ an iomarca béime ar an scríobh.

**Bileog 13.3****Duine A**

Seo píosa a bhí ar an suíomh idirlín [www.gaeilge.ie](http://www.gaeilge.ie) faoi rudaí a chabhraíonn leat an Ghaeilge a chleachtadh taobh amuigh den rang.

1. Léigh féin agus an duine in aice **alt 1** le chéile ar dtús, ag glacadh sealanna abairtí a léamh amach os ard.
2. Léifidh tusa **alt 2** amach os ard ansin agus caithfidh an duine in aice leat na pointí is tábhachtaí a bhreacadh síos.
3. Ansin léifidh an duine eile **alt 3** agus caithfidh tusa na pointí is tábhachtaí a bhreacadh síos.
4. Cuirigí bhur mbileoga i gcomparáid le chéile ansin.

**Cúrsaí Féinteagaisc (alt 1)**

Muna n-oireann sé duit freastal ar chúrsa, ná bí buartha - tá go leor bealaí eile ann chun an Ghaeilge a fhoghlaim ón tús nó cur leis an méid atá agat cheana féin. Le tamall de bhlianta anuas tá méadú mór tagtha ar an líon agus ar na cineálacha cúrsaí féinteagaisc atá ar fáil don fhoghlaim. Tá réimse leathan cúrsaí ar fáil i bhfoirm leabhair, leabhair móide téipeanna, dlúthdhioscaí agus dlúthdhioscaí inléite do-athraithe.

**Ar an mbóthar (alt 2)**

- Éist le cláir Ghaeilge ar an raidió agus/nó déan iad a thaifeadadh chun do chuid scileanna éisteachta a fhorbairt.
- Déan réamhthaifeadadh ar chláir Ghaeilge agus seinn iad seo agus tú sa charr.
- Craolann cuid mhaith stáisiún raidió náisiúnta/áitiúil cláir i nGaeilge:
  - Craolann Raidió na Gaeltachta trí mheán na Gaeilge, ó cheann ceann na tíre ar FM agus MW. ([www.rte.ie/rmag](http://www.rte.ie/rmag))
  - Craolann Raidió na Life 106.4FM trí Ghaeilge i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. ([www.rnl106.com](http://www.rnl106.com))
  - Craolann stáisiún raidió RTÉ roinnt clár i nGaeilge.
  - Craolann BBC TÉ roinnt clár Gaeilge. ([www.bbc.co.uk/northernireland/irish](http://www.bbc.co.uk/northernireland/irish))
- Féach ar an RTÉ Guide le fáil amach cathain a bhíonn na cláir rialta Ghaeilge á gcráladh.
- Mura bhfuil cónaí ort ar oileán na hÉireann, is féidir cláir Ghaeilge raidió a chloisteáil ar an Idirlíon (agus a thaifeadadh).

## Fís (alt 3)

---

---



**An bhfuil triail bainte agatsa as aon cheann de na moltaí thuas? Má tá, cad iad? Cad iad na cinn a bhfuil spéis agat triail a bhaint astu anois? Pléigh.**

**Bileog 13.3****Duine B**

Seo píosa a bhí ar an suíomh idirlín [www.gaeilge.ie](http://www.gaeilge.ie) faoi rudaí a chabhraíonn leat an Ghaeilge a chleachtadh taobh amuigh den rang.

1. Léigh féin agus an duine in aice **alt 1** le chéile ar dtús, ag glacadh sealanna abairtí a léamh amach os ard.
2. Léifidh an duine in aice leat **alt 2** agus caithfidh tusa na pointí is tábhachtaí a bhreacadh síos.
3. Léifidh tusa **alt 3** amach os ard ansin agus caithfidh an duine in aice leat na pointí is tábhachtaí a bhreacadh síos.
4. Cuirigí bhur mbileoga i gcomparáid le chéile ansin.

**Cúrsaí Féinteagaisc (alt 1)**

Muna n-oireann sé duit freastal ar chúrsa, ná bí buartha - tá go leor bealaí eile ann chun an Ghaeilge a fhoghlaim ón tús nó cur leis an méid atá agat cheana féin. Le tamall de bhlianta anuas tá méadú mór tagtha ar an líon agus ar na cineálacha cúrsaí féinteagaisc atá ar fáil don fhoghlaim. Tá réimse leathan cúrsaí ar fáil i bhfoirm leabhair, leabhair móide téipeanna, dlúthdhioscaí agus dlúthdhioscaí inléite do-athraithe.

**Ar an mbóthar (alt 2)**


---

**Fís (alt 3)**

- Craolann TG4 an-chuid clár Gaeilge agus bíonn roinnt clár Gaeilge ar RTÉ.
- Bíonn teanga labhartha nádúrtha agus líofa le fáil iontu.
- Tá spraoi ag baint leo, rud a chuireann ar do chumas foghlaim gan brú a bheith ort!
- Is bealach iontach iad na cartúin chun cabhrú leis na páistí líofacht a bhaint amach chomh maith.
- Má tá fístaifeadán agat is féidir leat cláir a thairfeadh agus féachaint orthu nuair a oireann sé duit.
- Níl aon bhac ort féachaint orthu roinnt mhaith babhtaí chun an leas is mó a bhaint astu.
- Tá Gaeltext ar fáil ar sheirbhís Aertel RTÉ agus ar láithreán Gréasáin RTÉ. ([www.rte.ie](http://www.rte.ie))
- Ceannaigh nuachtáin Ghaeilge agus irisí Gaeilge chun feabhas a chur ar do chuid scileanna léitheoireachta.



**An bhfuil triail bainte agatsa as aon cheann de na moltaí thuas? Má tá, cad iad? Cad iad na cinn a bhfuil spéis agat triail a bhaint astu anois? Pléigh.**

**Bileog 13.4**

Éist le Pól anois ag déanamh cur síos ar na teangacha atá aige. Líon na bearnaí sa téipscript leis an aidiacht cheart (agus an fhoirm cheart den aidiacht sin).



Bhuel mar is eol daoibh tógadh go dátheangach mé – leis an nGaeilge agus leis an mBéarla. Cé go bhfuil gramadach na Gaeilge \_\_\_\_\_ is é mo thuairim ná go bhfuil gramadach an Bhéarla i bhfad níos \_\_\_\_\_.

Is teanga níos \_\_\_\_\_ í an Ghaeilge sílim. Chaith mé dhá bhliain i mo chónaí sa Ghearmáin agus d'fhoghlaim mé cuid \_\_\_\_\_ Gearmáinise ansin, ach tá sí cailte agam anois. Nuair a thugaim cuairt ar an nGearmáin tuigim gach rud ach bíonn sé deacair dom labhairt- as cleachtadh is dócha. Is dócha go bhfuil an Ghearmáinis níos \_\_\_\_\_ ná an Fhraincis ach tá Fraincis \_\_\_\_\_ agam anois. Bheifeá ag súil leis sin is dócha agus mé pósta le Francach.

Beidh tú ag cleachtadh an struchtúir seo:

Cé acu is fearr leat: Madonna nó Britney Spears?

Breac síos cúpla focal chun cabhrú leat comhrá a dhéanamh le gach duine sa rang chun an struchtúr sin a chleachtadh. Mar shampla: Baile Átha Cliath v. Gaillimh.

\* Ná déan dearmad cúis a thabhairt le do fhreagra más féidir!

Beidh grúpa de thriúr ag obair le chéile anois le plé a dhéanamh ar na ceistanna seo thíos:

1. Cad iad na teangacha atá agat?
2. An bhfuil muintir na hÉireann go maith ag foghlaim teangacha?
3. Cé acu is deacra, dar leat – gramadach na Gaeilge nó gramadach an Bhéarla?
4. Cad í an teanga is rómánsúla, dar leat?
5. Ar cheart go mbeadh an Ghaeilge éigeantach sa chóras oideachais?

**Bileog 13.5**

Ag obair leis an duine in aice leat cuirigí an uimhir atá in aice le gach scoil Ghaeilge sa bhosca ar dheis in aice leis an cheantar cuí ar an léarscáil. Mura bhfuil sibh cinnte tugaigí buille faoi thuairim. Bíonn cúrsaí Gaeltachta do dhaoine fásta agus do dhaoine óga ar siúl sna háiteanna seo (Tuilleadh eolais le fáil ar an suíomh idirlín - [www.concos.ie](http://www.concos.ie)) Cad iad na háiteanna ar an léarscáil nach bhfuil sa Ghaeltacht?



1. Inis Meáin, Co. na Gaillimhe
2. Baile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí
3. Gort a' Choisce, Co. Dhún na nGall
4. An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
5. Baile Bhúirne, Co. Chorcaí
6. Baile an Bhuineánaigh, Co. Chiarraí
7. Carnlach, Co. Aontroma
8. Inis, Co. an Chláir
9. Béal Átha an Ghaorthaigh, Co. Chorcaí
10. An Rinn, Co. Phort Láirge
11. Gleann Cholm Cille, Co. Dhún na nGall
12. Oileán Chléire, Co. Chorcaí
13. Droichead Átha, Co. Lú
14. Gleann Maghair, Co. Chorcaí
15. Ráth Cairn, Co. na Mí
16. Cnoc an Dúin, Co. Chorcaí

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine in aice leat.

1. An ndearna tú cúrsa ar bith Gaeilge roimhe seo? Cén áit?
2. Ar thaitin an Ghaeilge leat ar scoil? (*Thaitin/Níor thaitin*).
3. An bhfuil tú ag freastal ar aon rang eile faoi láthair?
4. Cad é an rang oíche is fearr a rinne tú riamh? Cén fáth?



Cad iad na frásaí a d'úsáidfeá sa rang Gaeilge. . .

- nuair nár chuala tú an rud a dúirt an múinteoir?
- nuair nach bhfuil an Ghaeilge ar fhocal ar eolas agat?
- nuair nach dtuigeann tú pointe gramadaí?
- nuair atá an múinteoir ag labhairt róthapa?
- nuair nach dtuigeann tú rud éigin?



**Bileog 13.6A****Bileog an Iarrthóra**

Seo thíos mír ón scrúdú cainte de chuid Teastas na hEorpa. Bí ag obair leis an duine in aice leat chun bréagscrúdú a dhéanamh. Glacadh duine agaibh ról an iarrthóra agus an duine eile ról an scrúdaitheora. Malartaíí róil ansin.

*An Scrúdú Cainte Meánleibhéal 1 (B1) © Ollscoil na hÉireann, Má Nuad*

- Féach ar an bhileog thíos.
- Tá dhá nóiméad agat le féachaint ar na pictiúir agus le bheith ag smaoineamh faoin ábhar.
- Déan cur síos ar an scéal atá sna pictiúir. Tosaigh le Pictiúr 1 agus téigh ar aghaidh go dtí an ceann deireanach, Pictiúr 6.
- Freagair aon cheisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.




1




2



3



4



Plé i ngrúpa:

1. An ndearna tú aon scrúdú Gaeilge de chuid TEG fós?
2. Ar chuala tú go raibh an scrúdú deacair?
3. An mbraitheann tú go bhfuil tú réidh do na scrúduithe?

Féach ar an eolas ar fad atá ar fáil faoin scrúdú béil anseo:  
[http://www.teg.ie/pdf/B1\\_s.pdf](http://www.teg.ie/pdf/B1_s.pdf).

**Bileog 13.6B****Bileog an Scrúdaitheora**

Seo thíos mír ón scrúdú cainte de chuid Teastas na hEorpa. Bí ag obair leis an duine in aice leat chun bréagscrúdú a dhéanamh. Glacadh duine agaibh ról an iarrthóra agus an duine eile ról an scrúdaitheora. Malartaí gí ról ansin.

*An Scrúdú Cainte Meánleibhéal 1 (B1) © Ollscoil na hÉireann, Má Nuad*

- Féach ar an bhileog thíos.
- Tá dhá nóiméad ag an iarrthóir le féachaint ar na pictiúir agus le bheith ag smaoineamh faoin ábhar.
- Déanfaidh an t-iarrthóir cur síos ar an scéal atá sna pictiúir. Tosóidh sé/sí le Pictiúr 1 agus rachaidh sé/sí ar aghaidh go dtí an ceann deireanach, Pictiúr 6.
- Má cheapann tú nár labhair an t-iarrthóir faoi gach rud sna pictiúir cuir cúpla ceist air/uirthi fúthu.



1




2



3



4



Plé i ngrúpa:

1. An ndearna tú aon scrúdú Gaeilge de chuid TEG fós?
2. Ar chuala tú go raibh an scrúdú deacair?
3. An mbraitheann tú go bhfuil tú réidh do na scrúduithe?

Féach ar an eolas ar fad atá ar fáil faoin scrúdú béil anseo:

[http://www.teg.ie/pdf/B1\\_s.pdf](http://www.teg.ie/pdf/B1_s.pdf).

**Bileog 13.7**

Léigh an sliocht seo as alt a bhí le fáil ar an suíomh idirlín [www.beo.ie](http://www.beo.ie) os ard leis an duine in aice leat.

**Anna Ní Ghallachair**

Stiúrthóir Ionad na dTeangacha - Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

*Déanfaidh an tAire Oideachais Mary Hanafin tionscadal nua de chuid Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad a sheoladh ag tús na míosa seo a bhfuil sé mar aidhm aige cur ar chumas foghlaimoirí fásta Gaeilge cáilíocht a bhaint amach ag a mbeidh aitheantas Eorpach. Labhair Caoimhe Ní Laighin le Stiúrthóir an Ionaid, Anna Ní Ghallachair, faoin tionscadal seo agus faoin obair cheannródaíoch eile atá idir lámha aici féin agus a foireann.*

Is léir gur duine í Anna a bhfuil an-léann uirthi agus atá paiseanta faoina post agus faoi theangacha go ginearálta. Tá Gearmáinis agus Fraincis líofa aici, le cois na Gaeilge agus an Bhéarla. Tá cumas aici san Iodáilis agus sa Spáinnis fosta, agus "giota beag Briotáinise".

Ceapadh í mar stiúrthóir ar an ionad i 1994. Bíonn neart tionscadal idir lámha aici ag aon am faoi leith - agus neart mac léinn le bheith ag déileáil leo. Tá tuairim is 1,000 duine i mbun staidéir ar theangacha san ollscoil faoi láthair, agus naoi dteanga dhifriúla - Gaeilge, Fraincis, Spáinnis, Gearmáinis, Iodáilis, Ollainnis, Portaingéilis agus an Béarla mar theanga iasachta - ar fáil. Tá Anna ag súil go mbeidh sí in ann tús a chur le ranganna Polainnise agus Sínise le linn na bliana seo chugainn fosta.

*Gluais:*

tionscadal	project
foghlaimoirí fásta Gaeilge	adult learners of Irish
cáilíocht	qualification
aitheantas	recognition
stiúrthóir	director
ceannródaíoch	pioneering
an-léann uirthi	who is very educated
cumas	ability
Briotáinis	Breton
Ollainnis	Dutch
mar theanga iasachta	as a foreign language

Déanaigí bhur machnamh ar na pointí seo:

1. Cén chuid den alt a thuigeann sibh gan cabhair ón ghluais?
2. Dá mbeifeá ag scríobh gluais bhreise cad iad na focail a chuirfeá ann?
3. Ar chabhraigh an réamhobair faoi chúrsaí teanga leat an t-alt a thuiscint?